Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2024**
**(OR. en, pl)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0137(NLE)**

**10781/24**
**ADD 1**

**TRANS 281**
**RELEX 767**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10686/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe lena leasaítear Comhaontú an 29 Meitheamh 2022 idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar<br>– Glacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón bPolainn atá le cur isteach

I miontuairiscí chruinniú Coreper agus Chomhairle EPSCO.

**Ráiteas ón bPolainn a bhaineann le Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe lena leasaítear Comhaontú an 29 Meitheamh 2022 idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar.**

Cuireann an Pholainn tacaíocht chuimsitheach ar fáil go leanúnach don Úcráin agus í ag streachailt. Mar sin féin, is léir go raibh iarmhairtí díobhálacha go dtí seo ag feidhmiú an Chomhaontaithe idir an tAontas agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar do thionscal iompair de bhóthar na Polainne agus gur measa fós na dálaí éagsúla maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar. Is mór ag an bPolainn gur leasaíodh ábhar an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, dearbhaíonn an Pholainn go leanfaidh sí d'anailís a dhéanamh go cúramach ar an staid sa mhargadh iompair de bhóthar, go háirithe i gcomhthéacs na leasuithe a rinneadh ar an gComhaontú. Más iomchuí, breithneoidh an Pholainn ar úsáid na n-ionstraimí cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú leasaithe a iarraidh.